C/2024/7430

11.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11774 – VISTA / BLACKSTONE / SMARTSHEET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7430)

1. An 29 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vista Equity Partners Management, LLC (in éineacht lena ghnóthais chleamhnaithe, 'Vista', na Stáit Aontaithe), faoi rialú VEP Group, LLC (na Stáit Aontaithe),

— Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— Smartsheet, Inc. ('Smartsheet', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Vista agus Blackstone rialú comhpháirteach ar Smartsheet ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Vista agus tá sé dírithe ar mhaoiniú le haghaidh bogearraí fiontair, sonraí agus gnólachtaí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht.

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Blackstone.

— Is soláthraí bogearraí néalbhunaithe é Smartsheet, agus is tairiscint seirbhíse atá dírithe ar scarbhileog le haghaidh comhoibrithe agus bainistíocht tionscadail oibre a chuireann sé ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11774 – VISTA / BLACKSTONE / SMARTSHEET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË